Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Office of the Director of Public Prosecutions

# Scéim Foilseachán um Shaoráil Faisnéise

Arna ullmhú faoi Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014

Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Bóthar na hOtharlainne
Baile Átha Cliath 7
☎ + 353 1 858 8500
📠 + 353 1 642 7406
🌍 www.dppireland.ie

© Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí [Athbhreithnithe – Lúnasa 2026]

# CLÁR AN ÁBHAIR


**CLÁR AN ÁBHAIR ........ 2**

**CUID 1: ROCHTAIN AR FHAISNÉIS A BHAINEANN LE HOIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ........ 4**

1.1 Réamhrá ........ 4

1.2 Faisnéis atá Ar Fáil go Rialta ........ 4

1.3 Faisnéis atá Inrochtana faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ........ 5

1.4 Faisnéis Airgeadais ........ 5

**CUID 2: FEIDHMEANNA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ AGUS TUAIRISC AR OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ ........ 6**

2.1 Feidhmeanna Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ........ 6

2.2 Ráiteas Misin ........ 6

2.4 Tuairisc ar Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ........ 7

2.5 Struchtúr na hEagraíochta ........ 9

**CUID 3: STRUCHTÚR AGUS EAGRÚ RANNÁN DE CHUID OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ........10**

3.1 An Rannán Stiúrtha ........ 10

- Rannóg Riaracháin an Rannáin Stiúrtha ........ 11

3.2 Rannán na nAturnaetha ........ 12

3.3 Rannán na Seirbhísí Tacaíochta Ionchúiseamh ........ 13

- An tAonad Idirnáisiúnta ........ 13
- An tAonad Beartais agus Taighde Ionchúisimh ........ 13
- An tAonad Idirchaidrimh Íospartach ........ 14

3.3 An Rannán Riaracháin ........ 15

- Comhordaitheoir Bainistíochta Athraithe ........ 15
- An tAonad Cumarsáide ........ 16
- An tAonad Airgeadais ........ 16
- An tAonad Acmhainní Daonna & Oiliúna ........ 17
- An tAonad Teicneolaíocht Faisnéise (TF) ........ 18
- An tAonad Eagrúcháin & Seirbhísí Ginearálta ........ 18
- Oifig Rúnaí Príobháideach an Stiúrthóra ........ 19
- Oifig Rúnaithe na mBainisteoirí Sinsearacha ........ 19

3.6 An Fhaisnéis atá fáil agus Teagmhálaithe ........ 20

**CUID 4: MAR A FHEIDHMÍONN AN TACHT IN OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ ........21**

4.1 Teidlíochtaí Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 ........ 21

4.2 Conas Iarratas a dhéanamh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ........ 21

4.3 Cabhair le haghaidh Daoine a bhfuil Míchumas orthu ..... 22
4.4 An Próiseas Cinneoireachta um Shaoráil Faisnéise ..... 22
4.5 An Ceart chun Athbhreithniú a iarraidh agus an Ceart chun Achomhairc ..... 22
4.6 Athbhreithniú Inmheánach ..... 22
4.7 Athbhreithniú an Choimisinéara Faisnéise ..... 23
4.8 Táillí ..... 23
4.9 Beartas Rúndachta ..... 24

**CUID 5: EOLAS MAIDIR LE RIALACHA, CLEACHTAIS & NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LE CINNTEOIREACHT NA HOIFIGE ..... 25**

5.1 Ceanglais Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 ..... 25
5.2 Achtacháin nó Scéimeanna a bhaineann leis an Earnáil Poiblí ..... 25

**CUID 6: SONRAÍ TEAGMHÁLA NA HOIFIGE STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ ..... 26**

6.1 Saoráil Faisnéise ..... 26
6.2 Ceisteanna ón bPreas ..... 26
6.3 Faisnéis Ghinearálta ..... 26

# CUID 1: Rochtain ar Fhaisnéis a Bhaineann le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

## 1.1 Réamhrá

Cuireadh ar bun leis an Acht um Shaoráil Faisnéise trí cheart reachtúla:

(i) an ceart dlíthiúil do gach duine rochtain a fháil ar fhaisnéis arna coinneáil ag comhlachtaí poiblí;

(ii) an ceart dlíthiúil do gach duine go ndéantar leasú nó uasdátú ar fhaisnéis oifigiúil a bhaineann leis/leí féin, i gcás go bhfuil an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach;

(iii) an ceart dlíthiúil go dtugtar do dhaoine na cúiseanna a bhaineann le cinntí a dtéann i bhfeidhm orthu féin.

Dearbhaíonn an tAcht an ceart atá ag daoine den phobail rochtain a fháil ar fhaisnéis oifigiúil a mhéid agus is féidir, i gcomhréir le leas an phobail agus le ceart an duine chun príobháideachta.

Ullmhaítear an scéim foilseachán seo i gcomhréir leis na riachtanais foilsitheoireachta a leagtar amach in alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.

## 1.2 Faisnéis atá Ar Fáil go Rialta

Tá faisnéis ghinearálta maidir le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar fáil go rialta don phobal.

| Teagmhálaí | An Fhaisnéis atá ar fáil | Sonraí Teagmhála |
|---|---|---|
| An tAonad Idirchaidrimh Íospartach | • Ceisteanna ginearálta a bhaineann leis an Oifig | Teil: +353 (0)1 858 8500 |
| An tAonad Cumarsáide | • Iarratais ar leabhráin eolais agus foilseacháin eile de chuid na hOifige | Teil: +353 (0)1 858 8500 |
| Suíomh Gréasáin na hOifige | • Faisnéis maidir le ról na hOifige<br>• Cóipeanna de gach foilseachán de chuid na hOifige<br>• Cóipeanna de dhoiciméid agus tuarascálacha eile iomchuí<br>• Naisc chuig gníomhaireachtaí eile náisiúnta agus idirnáisiúnta laistigh den chóras dlí choiriúil<br>• Faisnéis d'íospartaigh agus d'fhinnéithe<br>• Treoir achomair ar an gCóras Dlí Choiriúil<br>• Faisnéis Airgeadais | www.dppireland.ie |

Beidh faisnéis mar sin ar fáil go neamhfhoirmiúil i gcónaí gan aon ghá leas a bhaint as an Acht um

Shaoráil Faisnéise.

## 1.3 Faisnéis atá Inrochtana faoin Acht um Shaoráil Faisnéise

Is é cuspóir an Achta um Shaoráil Faisnéise rochtain an phobail a cheadú ar fhaisnéis a bhíonn i seilbh ag comhlachtaí poiblí agus nach mbíonn teacht uirthi trí fhoinsí eile de ghnáth. Tá rochtain ar fhaisnéis faoin Acht faoi réir díolúintí áirithe agus baineann nósanna imeachta agus teorainneacha ar leith ama leis freisin.

Faoi alt 42(f) den Acht, tá díolúine sonrach maidir le taifid a chruthaíonn Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí nó taifid atá i seilbh na hOifige sin, nach taifid iad a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige. **Is é is ciall leis sin ná nach bhfuil rochtain ag an bpobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ar chomhaid a bhaineann le hionchúisimh choiriúla.**

Cuireann an scéim foilseachán seo treoir ar fáil maidir le struchtúr na hOifige chun cabhrú le daoine faisnéis a rochtain faoin Acht um Shaoráil Faisnéise i ndáil le riarachán ginearálta na hOifige.

Ta cóip den fhoilseachán seo ar fáil ar an suíomh Gréasáin.

| Teagmhalaí | Sonraí Teagmhala |
|---|---|
| An tAonad um Shaoráil Faisnéise<br>Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí,<br>Bóthar na hOtharlainne<br>Baile Átha Cliath 7 | Teil: +353 (0)1 858 8500<br><br>Ríomhphost Saorála Faisnéise: foi@dppireland.ie |
| Suíomh Gréasáin na hOifige | www.dppireland.ie |

## 1.4 Faisnéis Airgeadais

Déantar na mionsonraí a bhaineann le íocaíochtaí ar earraí agus seirbhísí atá níos mó ná €20,000, CBL san áireamh, a uasdhátú go ráithiúil agus cuirtear ar fáil iad ar ár suíomh Gréasáin **www.dppireland.ie/compliance/freedom-of-information**.

# CUID 2: Feidhmeanna Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus Tuairisc ar Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

## 2.1 Feidhmeanna Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Leis an Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974, a bunaíodh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Rinneadh foráil leis an Acht na feidhmeanna uile a bhí á gcur i gcrích ag an Ard-Aighne go dtí sin maidir le hábhair choiriúla agus achainíocha um thoghcháin a aistriú chuig an Stiúrthóir. An phríomhfheidhm dá leithéid ná an chumhacht chun ciontaí ciorúla a ionchúiseamh.

Baineann trí fheidhm le ciontaí a ionchúiseamh:

(i) **An tImscrúdú** – an Garda Síochána a chuireann an fheidhm seo i gcrích. Níl aon fheidhm imscrúdaithe ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Oibríonn sí i gcomhar leis an nGarda Síochána ar bhonn rialta, áfach, le linn d'imscrúdaithe coiriúla a bheith ar siúl, go háirithe maidir le comhairle dlí agus ionchúisimh a sholáthar.

(ii) **An cinneadh chun cion a ionchúiseamh nó gan é a ionchúiseamh** – is í an Rannán Stiúrtha d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a chuireann an fheidhm seo i ngníomh. Cumhdaítear san fheidhm seo freisin cinntí chun imeachtaí a tharraingt siar nó chun glacadh le pléadáil ar chionta níos lú, cinntí chun achomhairc maidir le pointí dlí a thionscnamh nó cinntí chun athbhreithniú a lorg ar phianbhreitheanna atá níos boige ná mar is cóir.

(iii) **Cás an ionchúisimh a chur i láthair sa chúirt** – is é Rannán na nAturnaetha de chuid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a chuireann an fheidhm seo i ngníomh i mBaile Átha Cliath agus áirítear inti stiúradh na n-ionchúisimh achomair thar ceann an Stiúrthóra i ngach Cúirt a shuíonn i mBaile Átha Cliath, ullmhú na Leabhar Fianaise, ullmhú ginearálta na gcásanna díotála agus freastal ar na habhcóidí ag an éisteacht. Taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, cuireann 32 aturnae stáit áitiúil feidhm den tsamhail chéanna i gcrích thar ceann an Stiúrthóra.

Tá an Stiúrthóir neamhspleách agus í i mbun a dualgas.

Ní sholáthraíonn Oifig an Stiúrthóra Poiblí comhairle dlí don phobal i gcoitinne.

## 2.2 Ráiteas Misin

Is é seo a leanas Ráiteas Misin na hOifige Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí:

***"Seirbhís ionchúisimh atá cothrom, neamhspleách agus éifeachtach a sholáthar ar son mhuintir uile na hÉireann"***

Príomhchúis le bunú na hOifige a neamhspleáchas. Faoi réir na gCúirteanna, tá an Stiúrthóir neamhspleách ar gach comhlacht agus institiúid eile, an Rialtas agus an Garda Síochána san áireamh, agus déantar gach cinneadh saor ó thionchar polaitíochta agus ó thionchar eile.

Tá an Oifig tiomanta do na caighdeáin ghairmiúla is airde a chur i bhfeidhm agus do phlé le gach duine lena ndéileáiltear ar bhealach cothrom comhsheasmhach, gan idirdhealú éagórach a dhéanamh.

## 2.3 An Próiseas Ionchúisimh Choiriúla

Léirítear sa chairt thíos an próiseas ionchúisimh choiriúla agus leagtar amach go soiléir inti ról Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí sa phróiseas sin.

**AN GARDA SÍOCHÁNA & SAINGHNÍOMHAIREACHTAÍ IMSCRÚDÚCHÁIN**

- Imscrúduithe coiriúla neamhspleácha a dhéanamh
- An chuid is mó ionchúiseamh achomair a sheoladh sa Chúirt Dúiche i leith *mionchionta* (faoi réir ag cumhachtaí an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chun treoracha a thabhairt)
- Comhaid a ullmhú agus a chur faoi bhráid Rannán na nAturnaetha in Oifig an Stiúrthóra (cásanna i mBaile Átha Cliath) nó faoi bhráid an aturnae stait aitiúil (cásanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath) maidir le *cionta tromchúiseacha*

| **RANNÁN NA nATURNAETHA, OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ (Cásanna le héisteacht i mBaile Átha Cliath)** | **ATURNAE STÁIT ÁITIÚIL (Cásanna le héisteacht i mBaile Átha Cliath)** |
|---|---|

- Ionchúisimh achomair áirithe a sheoladh sa Chúirt Dúiche
- Comhaid imscrúduithe a chur faoi bhráid an Rannáin Stiúrtha d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le haghaidh ordachán
- Cásanna a ullmhú le haghaidh na Cúirte

**AN RANNÁN STIÚRADH, OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ**

- Scrúdú a dhéanamh ar chomhaid a fhaightear ón Rannán Stiúradh agus ó aturnaetha stáit áitiúla
- Tionscnamh nó buanú ionchúisimh a stiúradh
- Treoir agus comhairle dlí a sholáthar do Rannán na nAturnaetha agus d'aturnaetha stáit áitiúla go dtí go gcuirtear críoch leis an gcás atá á éisteacht
- Comhairle a thabhairt don Gharda Síochána agus do shainghníomhaireachtaí imscrúdúcháin chomh maith le treoracha a thabhairt maidir le cúisimh a dhéanamh go foirmiúil.

| **RANNÁN NA nATURNAETHA, OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ (Cásanna atá le héisteacht i mBaile Átha Cliath)** | **ATURNAE STÁIT ÁITIÚIL (Cásanna atá le héisteacht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath)** |
|---|---|

- Treoracha ón Rannán Stiúrtha a chur chun feidhme
- Freastal ar éisteachtaí sa Chúirt Dúiche
- An leabhar fianaise a ullmhú i gcásanna díotála
- Faisnéis agus cabhair a thabhairt don aturnae ainmnithe atá i mbun an ionchúisimh a stiúradh
- Freastal ar an triail agus an toradh a thuairisc don Rannán Stiúrtha
- Seirbhís idirchaidrimh a sholáthar do ghníomhaireachtaí agus do pháirtithe a bhíonn páirteach sa phróiseas coiriúil
- Cásanna Athbhreithnithe Breithiúnacha a stiúradh agus a sheoladh
- Achomhairc a ionchúiseamh sa Cúirt Achomhairc (Coiriúil)

**ABHCÓIDÍ IONCHÚISIMH**

- A bheith i láthair sa Chúirt agus ionchúisimh dhíotála a sheoladh thar ceann an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus de réir treoracha an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

**NA CÚIRTEANNA**

- Cásanna a éisteacht (díotchúiseamh, triail)
- Toradh an cháis (daorbhreith/éigiontú)
- Pianbhreitheanna a ghearradh

## 2.4 Tuairisc ar Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Leis an Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974, a bunaíodh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. I mBéarla, tugtar an DPP ar an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Tá ceithre rannán déanta ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí:

i) **An Rannán Stiúrtha:** Abhcóidí agus aturnaetha a scrúdaíonn comhaid imscrúduithe coiriúla agus a dhéanann cinneadh maidir le hionchúiseamh a thionscnamh nó gan é a thionscnamh

ii) **Rannán na nAturnaetha:** Aturnaetha ionchúisimh agus feidhmeannaigh dlí a ullmhaíonn agus a sheolann cásanna thar ceann an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i ngach cúirt a shuíonn i mBaile Átha Cliath.

iii) **Rannán na Seirbhísí Tacaíochta Ionchúiseamh:** Tá an rannán seo comhdhéanta den Aonad Beartais agus Taighde Ionchúisimh, a sholáthraíonn taighde dlí agus beartais, a fhorbraíonn beartais ionchúisimh agus a chuireann comhairle ar fáil ar dhoiciméid bheartais dlí a tharchuirtear chuig an Oifig lena breithniú; den Aonad Leabharlainne, a sholáthraíonn seirbhísí faisnéise agus fios gnó don fhoireann dlí agus don fhoireann riaracháin araon; den Aonad Idirchaidrimh Íospartach, atá freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an Oifig a hoibleagáidí, mar a leagtar amach iad i dTreoir (AE) 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta; agus den Aonad Idirnáisiúnta, a dhéileálann le réimsí den dlí coiriúil idirnáisiúnta, lena n-áirítear eiseachadadh, Barántais Ghabhála Eorpacha agus iarrataí ar chúnamh dlí frithpháirteach.

iv) **An Rannán Riaracháin:** Soláthraíonn an rannán seo seirbhísí eagraíochtúla, infrastruchtúir, riaracháin agus eolais a mbíonn ag teastáil ó lucht na hOifig agus tugtar tacaíocht don Rannán Stiúrtha agus don Rannán Aturnaetha chomh maith.

## 2.5 Struchtúr na hEagraíochta

**AN STIÚRTHÓIR IONCHÚISEAMH POIBLÍ**

Catherine Pierse

**AN LEAS-STIÚRTHÓIR IONCHÚISEAMH POIBLÍ**

Helena Kiely (ag gníomhú)

**RANNÁN NA dTREORACHA AGUS AONAID SPEISIALAITHE**

**Ceann na Rannán na dTreoracha agus Aonaid Speisialaithe:** John Kinsella

**Ceannasaithe na n-Aonad:** Raymond Briscoe, Padraic Taylor

**An tAonad Speisialta Airgeadais:** Henry Matthews (Ceann Aonaid)

**An tAonad Chionta Tromchúiseacha agus Gnéasacha:** Noreen Landers (Ceann Aonaid)

**RANNÁN NA nATURNAETHA**

**An Príomh-Aturnae Ionchúisimh:** Liam Mulholland (ag gníomhú)

**Rannóg Achomhairc:** Mairéad Cotter (Ceann na Rannóige)

**Rannóg na Cúirte Cuarda:** Liam Sheridan (Ceann na Rannóige)

**Rannóg na Cúirte Dúiche:** Jane Farrell (Ceann na Rannóige)

**Rannóg Athbhreithnithe Breithiúnach:** Terence Hamilton (Ceann na Rannóige)

**An tAonad Tacaíochta na nAturnaetha Stáit:** Stephanie O’Brien (Ceann Aonaid)

**RANNÁN NA SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA IONCHÚISEAMH**

**Ceann na Rannán na Seirbhísí Tacaíochta Ionchúiseamh:** Nicholas Donnelly

**An tAonad um Chosaint Sonraí:** Edel Golden (Ceann Aonaid)

**An tAonad Idirnáisiúnta:** Christina Cullen (Ceann Aonaid)

**Aonad an Pholasaí & Taighde:** Claire O’Regan (Ceann Aonaid)

**Leabharlann:** Paolo Defant

**Taighde Dlí & Bainistíochta Eolais:** Cillian Blake

**An tAonad um Chaighdeáin Ionchúisimh:** Helen Kealy (Ceann Aonaid)

**An tAonad Idirchaidrimh Íospartaigh:** Susan Hudson (Ceann Aonaid)

**AN RANNÁN SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA**

**Ceann na Rannóige Seirbhísí Corparáideacha:** Brian O’Malley

**An tAonad Airgeadais:** John Byrne (Ceann Aonaid)

**An tAonad Rialachais agus Cumarsáide:** Orlagh Flood (Ceann Aonaid)

**An tAonad Acmhainní Daonna & Forbartha Eagraíochta:** Janet Buckley (Ceann Aonaid)

**An tAonad Teicneolaochta:** Paul Spring (Ceann Aonaid)

**An tAonad Eagrúcháin & Seirbhísí Ginearálta:** Danielle Bennett (Ceann Aonaid) (ag gníomhú)

**An tAonad Straitéis:** Elaine Monaghan (Ceann Aonaid)

# CUID 3: Struchtúr agus Eagrú Rannán de chuid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

## 3.1 An Rannán Stiúrtha

| Struchtúr na Rannóige Stiúrtha |
|---|
| **Ceannasaí na Rannóige Stiúrtha** |
| Ionchúisitheoirí (Abhcóidí agus Aturnaetha) |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin |
| Oifigigh Feidhmiúcháin |
| Oifigigh Chléireachais |

Is í feidhm an Rannáin Stiúrtha cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar chomhad imscrúdaithe, maidir le cé acu ar cheart ionchúiseamh a a bheith ann, nó ar cheart ionchúiseamh a thosaigh an Garda Síochána a choinneáil ar siúl, nó a mhalairt.

Léirítear san ordachán a eisítear na cúisimh, más ann dóibh, atá le tabhairt os comhair na cúirte. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh gá a bheith le tuilleadh eolais agus imscrúdaithe sular féidir cinneadh a dhéanamh.

Bunaítear cinneadh chun dul ar aghaidh le hionchúiseamh ar chás *prima facie* - fianaise a d'fhéadfadh, cé nach gá go dtarlódh sé, cúirt nó giúiré a threorú chuig cinneadh go bhfuil an duine ciontach sa chion, thar amhras réasúnach.

**Soláthar Seirbhíse**

- Scrúdú a dhéanamh ar chomhaid a fhaightear ó Rannán na nAturnaetha agus ó aturnaetha stáit áitiúla
- Tionscnamh nó buanú ionchúisimh a stiúradh
- Abhcóidí a ainmniú chun cásanna díotála a ionchúiseamh (os comhair na Cúirte Cuarda, na Príomh-Cúirte Coiriúil agus na Cúirte Coiriúil Speisialta)
- Treoir agus comhairle dlí a sholáthar do Rannán na nAturnaetha agus d'aturnaetha stáit áitiúla go dtí go gcuirtear críoch leis an gcás atá á éisteacht

- Comhairle a thabhairt don Gharda Síochána agus do shainghníomhaireachtaí imscrúdúcháin, chomh maith le treoracha a thabhairt maidir le cúisimh a dhéanamh go foirmiúil.

Déanann an Rannán Stiúrtha breithniú ar chomhaid a gcuireann an Garda Síochána agus sainghníomhaireachtaí eile imscrúdúcháin, na Coimisinéirí Ioncaim, údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí eile a mbíonn baint acu leis an bpróiseas um Cheartas Coiriúil faoina bhráid. Ní sholáthraíonn sé seirbhísí go díreach don phobal.

**Cineálacha na dtaifid a choinnítear**

- Taifid a bhaineann le hionchúisimh choiriúla

Faoi alt 42(f) den Acht, tá díolúine sonrach maidir le taifid arna gcruthú ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí nó taifid atá i seilbh na hOifige sin, nach taifid a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige iad. **Is é is ciall leis sin ná nach bhfuil rochtain ag an bpobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ar chomhaid a bhaineann le hionchúisimh choiriúla.**

## Rannóg Riaracháin an Rannáin Stiúrtha

**Soláthar Seirbhíse**

- Soláthraíonn an rannóg seo seirbhís chlárúcháin, rianúcháin agus eolais ar chomhaid d'fhoireann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

**Seirbhísí a sholáthraítear don phobal**

- Ní sholáthraíonn an Rannán seo seirbhísí go díreach don phobal

**Cineálacha na dtaifid a choinnítear**

Taifid a bhaineann le:

- Comhaid ionchúisimh choiriúil
- Ábhair Athbhreithnithe Breithiúnacha
- Riarachán ginearálta

**Faisnéis atá ar fáil agus teagmhálaithe**

Leagtar amach faisnéis ghinearálta maidir le hobair an Rannáin Riaracháin i bhfoilseacháin de chuid na hOifige, ar nós Tuarascálacha Bliantúla agus Ráitis Straitéise. Tá na foilseacháin sin ar fáil ón An tAonad Rialachais agus Cumarsáide (féach na sonraí teagmhála ar leathanach 25) nó ar shuíomh Gréasáin na hOifige ar www.dppireland.ie.

## 3.2 Rannán na nAturnaetha

| Struchtúr Rannán na nAturnaetha | | | | |
|---|---|---|---|---|
| An Príomh-Aturnae Ionchúisimh | | | | |
| **Rannóg na nUas-chúirteanna** | **Rannóg na dTrialacha Cúirte Cuarda** | **Rannóg na gCúirteanna Dúiche** | **Rannóg na nAthbhreith-nithe Breithiún-achana** | **Rannóg na nAchomharc** |
| Dlíodóirí<br>Oifigeach Feidhmiúcháin<br>Oifigigh Cléireachais | Dlíodóirí<br>Feidhmeann-aigh Dhlí<br>Oifigeach Cléireach dlí<br>Feidhmiúcháin<br>Oifigigh Cléireachais | Dlíodóirí<br>Oifigeach Feidhmiúcháin<br>Oifigigh Cléireachais | Dlíodóirí<br>Feidhmeann-aigh Dhlí<br>Oifigigh Cléireachais | Dlíodóirí<br>Feidhmeannaigh Dhlí<br>Oifigeach Feidhmiúcháin<br>Oifigigh Cléireachais |

Is í feidhm Rannán na nAturnaetha de chuid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí gníomhú thar ceann an Stiúrthóra agus cásanna a ullmhú agus a chur i láthair i gCúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath, i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sa Chúirt Choiriúil Speisialta, sa Chúirt Achomhairc Choiriúil, san Ard-Chúirt agus sa Chúirt Uachtarach.

Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, is iad na 30 aturnae stáit áitiúil a dhéileálann le cásanna ina limistéir faoi seach a chuireann an fheidhm seo i gcrích thar ceann an Stiúrthóra.

**Soláthar Seirbhíse**

- Ionchúisimh achomair áirithe a sheoladh sa Chúirt Dúiche
- Comhaid imscrúduithe a chur faoi bhráid an Rannáin Stiúrtha d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le haghaidh ordachán
- Cásanna a ullmhú le haghaidh na Cúirte
- Treoracha ón Rannán Stiúrtha a chur chun feidhme
- An leabhar fianaise a ullmhú i gcásanna díotála
- Faisnéis, cabhair agus treoir a thabhairt don aturnae ainmnithe atá i mbun an ionchúisimh a stiúradh
- Freastal a dhéanamh ar an triail agus an toradh a thuairisc
- Seirbhís idirchaidrimh a sholáthar do ghníomhaireachtaí agus do pháirtithe atá páirteach sa phróiseas coiriúil

**Seirbhísí a sholáthraítear don phobal**

- Den chuid is mó, is d'abhcóidí a bhíonn ag gníomhú thar ceann an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí; don Gharda Síochána; agus do shainghníomhaireachtaí imscrúdúcháin eile a sholáthraíonn Rannán

na nAturnaetha seirbhísí. Déanann an Rannán idirchaidreamh le híospartaigh na coireachta agus le finnéithe saineolacha.  Ní sholáthraíonn sé seirbhís go díreach do dhaoine den phobal.

**Cineálacha na dtaifid a choinnítear**

- Taifid a bhaineann le hionchúisimh choiriúla

Faoi alt 42(f) den Acht, tá díolúine sonrach maidir le taifid a chruthaíonn Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí nó taifid atá i seilbh na hOifige sin, nach taifid a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige. **Is é is ciall leis sin ná nach bhfuil rochtain ag an bpobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ar chomhaid a bhaineann le hionchúisimh choiriúla.**

## 3.3 Rannán na Seirbhísí Tacaíochta Ionchúiseamh

| Struchtúr Rannán na Seirbhísí Tacaíochta Ionchúiseamh | | |
|---|---|---|
| An Leas-Phríomh-Aturnae Ionchúisimh | | |
| **An tAonad Idirnáisiúnta** | **An tAonad Beartais agus Taighde Ionchúisimh** | **An tAonad Idirchaidrimh Íospartach** |
| **Ceannasaí an tAonad Idirnáisiúnta**<br>Ionchúisitheoir Sinsearach<br>Ionchúisitheoir<br>Oifigeach Feidhmiúcháin | **Ceannasaí an Aonaid Beartais agus Taighde Ionchúisimh**<br>Ionchúisitheoir<br>Taighdeoir(í) Dlí<br>Leabharlannaí<br>Oifigeach Feidhmiúcháin<br>Oifigeach Cléireachais | **Ceannasaí an tAonad Idirchaidrimh Íospartach**<br>Ionchúisitheoir Sinsearach<br>Ardoifigeach Feidhmiúcháin<br>Oifigeach Feidhmiúcháin<br>Oifigigh Cléireachais |

### An tAonad Idirnáisiúnta

**Soláthar Seirbhíse**

- Aisghabháil sócmhainní coiriúla a lorg
- Iarratais a ullmhú agus a dhéanamh ar Bharántais Eiseachadta, ar Bharántais Ghabhála Eorpach agus ar chúnamh frithpháirteach ó thíortha eile

**Seirbhísí a sholáthraítear don phobal**

- Ní sholáthraíonn an Rannán seo seirbhísí go díreach don phobal

**Cineálacha na dtaifid a choinnítear**

- Taifid a bhaineann le hionchúisimh choiriúla

### An tAonad Beartais agus Taighde Ionchúisimh

Forbraíonn an tAonad Beartais agus Taighde Ionchúisimh beartais ionchúisimh agus tugann sé comhairle ar dhoiciméid bheartais dhlíthiúil.

**Soláthar Seirbhíse**

- Cláir thaighde a dhearadh, a stiúradh agus a chur chun feidhme
- Freagra a thabhairt maidir le reachtaíocht bheartaithe

- Comhairle a thabhairt don ardbhainistíocht maidir le saincheisteanna beartais
- Páirt a ghlacadh i gcoistí agus freastal ar chruinnithe a bhaineann le hábhair ionchúisimh, saincheisteanna dlí choiriúil, agus dlí coiriúil agus nósanna imeachta.
- Bailiúcháin leabharlainne, idir ábhar clóite agus ábhar leictreonach, a fhorbairt agus a chothabháil
- Stoc leabharlainne a fháil
- Áiseanna taighde agus fios gnó a fhorbairt
- Seirbhís eolais a sholáthar don fhoireann dlí agus riaracháin

**Seirbhísí a sholáthraítear don phobal**

- Ní sholáthraíonn an tAonad seo seirbhísí go díreach don phobal.

**Cineálacha na dtaifid a choinnítear**

Taifid a bhaineann le:

- Tograí agus cláir thaighde
- Tuairimí maidir le reachtaíocht bheartaithe
- Ábhair ghinearálta a bhaineann le beartais ionchúisimh agus breithnithe beartais
- Ábhar a bhaineann le coistí agus grúpaí oibre éagsúla
- Fáil na mbailiúchán leabharlainne
- Doiciméid tairisceana le haghaidh fearais agus stoic leabharlainne
- Comhaontuithe ceadúnais
- Síntiúis le seirbhísí eolais
- Ballraíocht eagraíochtaí gairmiúla
- Taifid stoic
- Comhaid riaracháin inmheánacha leabharlainne

## An tAonad Idirchaidrimh Íospartach

Tá an tAonad Cumarsáide agus Idirchaidrimh Íospartach freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an Oifig a dualgais mar a leagtar amach iad i dTreoir 2012/29/EU de chuid an AE, lena mbunaítear caighdeáin íosta maidir le cearta íospartach na coireachta, maidir le tacaíocht a thabhairt dóibh agus maidir le hiad a chosaint.

**Soláthar Seirbhíse**

- Plé a dhéanamh le hiarratais ar na cúiseanna a bhaineann le cinntí cionta a ionchúiseamh nó gan iad a ionchúiseamh
- Plé a dhéanamh le hiarratais athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí cionta a ionchúiseamh nó gan iad a ionchúiseamh
- Seirbhís eolais a sholáthar ar an teileafón le haghaidh íospartach na coireachta
- Plé a dhéanamh le ceisteanna ginearálta uile ar an teileafón

**Seirbhísí a sholáthraítear don phobal**

- Seirbhís eolais a sholáthar ar an teileafón le haghaidh íospartach na coireachta agus daoine den phobal

**Cineálacha na dtaifid a choinnítear**

Taifid a bhaineann leo siúd a leanas:

- Comhaid ionchúisimh ar ábhair iarratais ar chúiseanna nó iarratais ar athbhreithnithe iad
- Ceisteanna ginearálta ar an teileafón

## 3.4 An Rannán Riaracháin

<table>
<tr><th colspan="6">Struchtúr an Rannáin Riaracháin</th></tr>
<tr><th colspan="6">Ceannasaí an Rannáin Riaracháin (An Príomhoifigeach)</th></tr>
<tr><th colspan="3">Comhordaitheoir Bainistíochta Athraithe</th><th colspan="3">An tAonad Cumarsáide</th></tr>
<tr><td colspan="3">Príomhoifigeach<br>Príomhoifigeach Cúnta<br>Ardoifigeach Feidhmiúcháin<br>Oifigigh Feidhmiúcháin</td><td colspan="3">Príomhoifigeach<br>Príomhoifigeach Cúnta<br>Ardoifigeach Feidhmiúcháin</td></tr>
<tr><th colspan="2">An tAonad Airgeadais</th><th colspan="2">An tAonad Acmhainní Daonna & Oiliúna</th><th colspan="2">An tAonad Teicneolaíocht Faisnéise (TF)</th></tr>
<tr><td colspan="2">Príomhoifigeach Cúnta<br>Ardoifigeach Feidhmiúcháin<br>Oifigigh Feidhmiúcháin<br>Oifigigh Cléireachais</td><td colspan="2">Príomhoifigeach<br>Príomhoifigeach Cúnta<br>Ardoifigeach Feidhmiúcháin<br>Oifigigh Feidhmiúcháin<br>Oifigeach Cléireachais</td><td colspan="2">Príomhoifigeach<br>Príomhoifigigh Chúnta<br>Ardoifigigh Feidhmiúcháin<br>Oifigigh Feidhmiúcháin</td></tr>
<tr><th colspan="3">An tAonad Eagrúcháin & Seirbhísí Ginearálta</th><th colspan="3">Oifig na Rúnaithe</th></tr>
<tr><td colspan="3">An Príomhoifigeach Chúnta<br>Ardoifigeach Feidhmiúcháin<br>Oifigigh Feidhmiúcháin<br>Oifigigh Chléireachais<br>Oifigigh Sheirbhísí</td><td colspan="3">Rúnaí Príobháideach an Stiúrthóra<br>Ardoifigeach Feidhmiúcháin<br>Oifigeach Cléireachais<br>Rúnaithe na mBainisteoirí Sinsearacha<br>3 Oifigeach Cléireachais</td></tr>
</table>

Is é ról an Rannáin Riaracháin na seirbhísí riaracháin agus seirbhísí eile tacaíochta atá riachtanach chun an Oifig a chumasú chun a fheidhm reachtúil a chomhlíonadh a sholáthar.

### Comhordaitheoir Bainistíochta Athraithe

**Soláthar Seirbhíse**

- Tionscadail bhainistíochta athraithe a chomhordú agus a éascú ar fud na heagraíochta
- Gníomhú mar phointe teagmhála aonair do bhainisteoirí tionscadail aonair
- Tuairisc a thabhairt don Fhoireann Ardbhainistíochta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar thionscadail athraithe

**Seirbhísí a sholáthraítear don phobal**

- Ní sholáthraíonn an Comhordaitheoir Bainistíochta Athraithe seirbhísí go díreach do dhaoine den phobal

**Cineálacha na dtaifid a choinnítear**

Taifid a bhaineann leo siúd a leanas:

- Tionscadail Bhainistíochta Athraithe

## An tAonad Cumarsáide

**Soláthar Seirbhíse**

- Foilseacháin uile na hOifige a chomhordú, a dhearadh, a phriontáil agus a dháileadh
- Suíomh Gréasáin na hOifige a dhearadh agus a choinneáil
- Comhdhálacha agus seimineáir na hOifige a eagrú agus a chomhordú
- Rúnaíocht a sholáthar don Choiste Chomhpháirtíochta
- An Tionscnamh um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí
- Iarratais um Shaoráil Faisnéise a chomhordú
- Plé a dhéanamh le ceisteanna ó na meáin

**Seirbhísí a sholáthraítear don phobal**

- Plé a dhéanamh le hiarratais ar chóipeanna d'fhoilseacháin na hOifige a fháil
- Suíomh Gréasáin na hOifige a choinneáil
- Iarratais um Shaoráil Faisnéise a phróiseáil
- Plé a dhéanamh le ceisteanna ó na meáin

**Cineálacha na dtaifid a choinnítear**

Taifid a bhaineann leo siúd a leanas:

- Foilseacháin na hOifige
- Comhdhálacha agus seimineáir
- Coiste Comhpháirtíochta na hOifige
- An Tionscnamh um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí
- Suíomh Gréasáin na hOifige
- Iarratais um Shaoráil Faisnéise
- Ceisteanna ó na Meáin

## An tAonad Airgeadais

**Soláthar Seirbhíse**

- Comhlíonadh a áirithiú i gcás oibleagáidí reachtúla agus eile tuairiscithe airgeadais na hOifige

- Íocaíochtaí ginearálta uile a phróiseáil
- Íocaíocht táillí na n-abhcóidí a eagrú
- Meastacháin Bhliantúla agus an Cuntas Leithghabhála a ullmhú
- Forbairt na gCóras Airgeadais

**Seirbhísí a sholáthraítear don phobal**

- Íocaíochtaí a dhéanamh le soláthróirí earraí nó seirbhísí

**Cineálacha na dtaifid a choinnítear**

Taifid a bhaineann leo siúd a leanas:

- An cuntas bliantúil leithghabhála agus meastacháin
- Cuntais mhíosúla, tuarascálacha agus tuairisceáin
- Taifid ar idirbhearta airgeadais
- Nósanna imeachta airgeadais
- Sonraí na soláthróirí agus an comhfhreagras leo
- Tionscnaimh agus Forbairtí Rialtais i réimse an airgeadais

## An tAonad Acmhainní Daonna & Oiliúna

**Soláthar Seirbhíse**

- An fheidhm áitiúil acmhainní daonna laistigh den Oifig a bhainistiú
- Idirchaidreamh a dhéanamh le PeoplePoint - seirbhís chomhroinnte na státseirbhíse le haghaidh acmhainní daonna - maidir le hábhar idirbheartaíochta acmhainní daonna.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le PSSC (an tseirbhís comhroinnte párolla) maidir le hábhar párolla
- Cur i bhfeidhm bheartas an Rialtais maidir le fostaíocht sa státseirbhís a áirithiú san Oifig
- Cláir oiliúna foirne a fhorbairt agus a chur chun feidhme
- An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta a riaradh, agus monatóireacht a dhéanamh air
- Oibleagáidí na hOifige faoin reachtaíocht Chomhionannais agus Mhíchumais a chomhordú
- Straitéisí agus beartais na hOifige a fhorbairt maidir le hacmhainní daonna agus oiliúint
- Déileáil le cúrsaí caidreamh tionsclaíoch
- Seirbhísí taistil agus cothabhála na hOifige a sholáthar

**Seirbhísí a sholáthraítear don phobal**

- Ní sholáthraíonn an tAonad seo seirbhísí go díreach don phobal

**Cineálacha na dtaifid a choinnítear**

Taifid a bhaineann leo siúd a leanas:

- Comhaid phearsanra

- Soláthar foirne
- Earcaíocht
- Saoire agus freastal
- Téarmaí agus coinníollacha
- Comhionannais agus míchumas
- An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta
- Taifid agus nósanna imeachta oiliúna
- Aoisliúntas

## An tAonad Teicneolaíocht Faisnéise (TF)

**Soláthar Seirbhíse**

- Seirbhís tacaíochta TF a sholáthar d'fhoireann na hOifige
- Na córais TF ata ann cheann féin a choinneáil
- Córais nua TF a fháil agus a fhorbairt
- Straitéis agus beartais TF na hOifige a fhorbairt
- Crua-earraí TF, bogearraí TF agus teicneolaíocht cumarsáide uile na hOifige a fháil agus a choinneáil
- Bonneagar cumarsáide na hOifige a choinneáil agus a fhorbairt
- Idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí eile sa Chóras Dlí Choiriúil chun cleachtais chumarsáide agus chomhroinnte eolais níos fearr agus a fhorbairt

**Seirbhísí a sholáthraítear don phobal**

- Ní sholáthraíonn an tAonad seo seirbhísí go díreach don phobal

**Cineálacha na dtaifid a choinnítear**

Taifid a bhaineann le:

- Tionscadail TF
- Soláthar TF
- Bogearraí, crua earraí, cumarsáidí agus córais na hOifige
- Nósanna Imeachta TF agus doiciméid chabhrach d'úsáideoirí

## An tAonad Eagrúcháin & Seirbhísí Ginearálta

**Soláthar Seirbhíse**

- Comhlíonadh a áirithiú i gcás riachtanas leordhóthanach cóiríochta oifige agus cothabháil na cóiríochta sin a chinntiú de réir na gcaighdeán riachtanach
- Trealamh agus fearas oifige a fháil, agus a gcothabháil a eagrú

- Stáiseanóireacht agus soláthairtí oifige a cheannach
- Comhlíonadh a áirithiú i gcás na reachtaíochta ar Shláinte agus Shábháilteacht
- Taifead de shócmhainní a chothabháil
- Seirbhísí eile tacaíochta Oifige a sholáthar ar bhonn conartha

**Na seirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal**

- Ní sholáthraíonn an tAonad seo seirbhísí go díreach don phobal

**Cineálacha na dtaifid a choinnítear**

Taifid a bhaineann le:

- Cóiríocht
- Trealamh agus soláthairtí oifige
- Clár na Sócmhainní
- Clár na gConarthaí
- Fáil ghinearálta earraí agus seirbhísí

## Oifig Rúnaí Príobháideach an Stiúrthóra

**Soláthar Seirbhíse**

- Rúnaíocht a sholáthar don Stiúrthóir
- Ceisteanna Parlaiminte a chomhordú

**Seirbhísí a sholáthraítear don phobal**

- Ní sholáthraíonn an Oifig seo seirbhísí go díreach don phobal.

**Cineálacha na dtaifid a choinnítear**

Taifid a bhaineann le:

- Comhfhreagras ginearálta an Stiúrthóra
- Miontuairiscí an Bhord Bainistíochta
- Ceisteanna Parlaiminte
- Páipéir chomhdhálacha agus sheimineár

## Oifig Rúnaithe na mBainisteoirí Sinsearacha

**Soláthar Seirbhíse**

- Rúnaíocht a sholáthar don Leas-Stiúrthóir, don Phríomh-Aturnae Ionchúisimh agus do Cheannasaí na Rannóige Stiúrtha

**Seirbhísí a sholáthraítear don phobal**

- Ní sholáthraíonn an Oifig seirbhísí go díreach don phobal.

**Cineálacha na dtaifid a choinnítear**

Taifid a bhaineann le:

- Comhfhreagras ginearálta an Leas-Stiúrthóra, an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh agus Cheannasaí na Rannóige Stiúrtha
- Ábhar a bhaineann le coistí agus grúpaí eile oibre
- Páipéir chomhdhála agus sheimineáir

## 3.6 An Fhaisnéis atá fáil agus Teagmhálaithe

Leagtar amach faisnéis ghinearálta maidir le hobair na ceithre Rannán i bhfoilseacháin de chuid na hOifige, ar nós Tuarascálacha Bliantúla, Ráitis Straitéise agus Leabhrán Eolais. Tá na foilseacháin sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin na hOifige a www.dppireland.ie.

# CUID 4: Mar a fheidhmíonn an tAcht in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

## 4.1 Teidlíochtaí Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, tá gach duine i dteideal iarratas a dhéanamh chun rochtain a fháil ar fhaisnéis arna coinneáil in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí maidir le riarachán ginearálta na hOifige, ar fhaisnéis í nach bhfuil ar fáil go poiblí ar shlí eile. Tá ceart ag gach duine:

- rochtain a fháil ar thaifid arna gcoinneáil ag an Oifig seo i ndáil le riarachán ginearálta na hOifige.
- go ndéantar leasú ar fhaisnéis phearsanta arna coinneáil ag an Oifig seo faoi/fúithi, áit a bhfuil an fhaisnéis sin míchruinn, neamhiomlán nó míthreorach;
- rochtain a fháil ar na cúiseanna a bhaineann le cinntí arna ndéanamh ag an Oifig seo maidir le riarachán ginearálta na hOifige agus a dtéann i bhfeidhm go díreach air/uirthi féin.

Tagann na taifid seo a leanas faoi raon feidhme an Achta:

- na taifid go léir a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige maidir le faisnéis pearsanta arna coinneáil ag an Oifig, is cuma cathain a cruthaíodh é
- na taifid eile go léir a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige a cruthaíodh i ndiaidh an dáta tosaithe, 21 Aibreán 1998
- taifid ar bith a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige agus atá riachtanach chun taifead reatha a thuiscint

| FÓGRA DÍOLÚINE |
| --- |
| Faoi alt 42(f) den Saoráil Faisnéise Acht, tá díolúine sonrach maidir le taifid a chruthaíonn Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí nó taifid atá i seilbh na hOifige sin, nach taifid iad a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige. **Is é is ciall leis sin ná nach bhfuil rochtain ag an bpobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ar chomhaid a bhaineann le hionchúisimh choiriúla.** |

## 4.2 Conas Iarratas a dhéanamh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise

I gcás na hOifige seo, ba cheart iarratais ar fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a sheoladh chuig:

| Teagmhálaí | Sonraí Teagmhála |
| --- | --- |
| An tAonad um Shaoráil Faisnéise<br>Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí,<br>Bóthar na hOtharlainne<br>Baile Átha Cliath 7 | Teil: +353 (0)1 858 8500<br>Ríomhphost: foi@dppireland.ie |

Is gá iarratas i scríbhinn a dhéanamh. Is féidir úsáid as an bhfoirm iarratais dar teideal 'Iarratas ar Fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise' atá ar fáil ón Aonad um Shaoráil Faisnéise (Teil. 01 858 8500) nó is féidir í a fháil ó shuíomh Gréasáin na hOifige ar www.dppireland.ie.

Mura bhfuil an fhoirm iarratais á húsáid agat, ba cheart duit a léiriú go bhfuil d'iarratas á dhéanamh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Luaigh go sonrach má tá leagan ar leith den fhaisnéis ag teastáil, e.g. fótacóipeáil, diosca ríomhaire, etc.

Tabhair an méid is mó eolais agus is féidir, le do thoil, chun go gcuirfear ar chumas fhoireann na hOfige an taifid atá i gceist a aithint. I gcás deacrachta chun na taifid ar leith atá ag teastáil a aithint, beidh foireann na hOifige breá sásta cabhrú leat d'iarratas a ullmhú.

Má tá faisnéis phearsanta á lorg agat, ba cheart cruthúnas éigin aitheantais a sheoladh isteach le d'iarratas, e.g. teastas breithe, ceadúnas tiomána, pas nó cruthúnas eile aitheantais.

Luaigh uimhir theileafóin lae ar d'iarratas, le do thoil, ionas gur féidir teagmhail a dhéanamh leat más gá sonraí a bhaineann le d'iarratas a shoiléiriú.

## 4.3 Cabhair le haghaidh Daoine a bhfuil Míchumas orthu

Tabharfaidh foireann an Aonaid um Shaoráil Faisnéise gach cabhair do dhaoine nach féidir leo léamh, priontáil agus/nóscríobh de bharr míchumais chun a gcearta faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a fheidhmiú.

## 4.4 An Próiseas Cinneoireachta um Shaoráil Faisnéise

Oifigigh a oibríonn ag leibhéal nach ísle ná Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus atá an Stiúrthóir tar éis a tharmligean mar Chinnteoirí Saorála Faisnéise a dhéanann cinntí maidir le hiarratais ar Shaoráil Faisnéise. Oifigigh a oibríonn ag leibhéal nach ísle ná leibhéal an Phríomhoifigigh Cúnta agus atá an Stiúrthóir tar éis a tharmligean mar Athbhreithneoirí Inmheánacha faoi alt 20 den Acht um Shaoráil Faisnéise a dhéanann cinntí maidir le hAthbhreithnithe Inmheánacha.

Tugann an tAonad um Shaoráil Faisnéise admháil ar iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise laistigh de choicís tar éis dó an iarratas a fháil. Ansin, cuireann an tAonad an t-iarratas ar aghaidh chuig an gCinnteoir a gcoinnítear na taifid iomchuí ina rannán. Déileálfaidh an Cinnteoir sin leis an iarratas laistigh de 4 sheachtain. Má tá gá le comhairliúchán le tríú páirtí, déanfar an cinneadh laistigh de 7 seachtaine tar éis an iarratais a fháil.

## 4.5 An Ceart chun Athbhreithniú a iarraidh agus an Ceart chun Achomhairc

Leagtar amach san Acht sraith díolúintí chun faisnéis íogair a chosaint a dhéanfadh dochar do leasa ríthábhachtacha an Stáit nó tríú páirtithe dá nochtfaí í. I gcás go gcuireann Roinn/Oifig na forálacha seo i bhfeidhm chun faisnéis a choinneáil siar, féadfaidh achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin. Féadfaidh cinntí a bhaineann le rochtain a iarchur, cúisimh, cineálacha rochtana, etc. a bheith ina n-ábhar achomhairc. Leagtar amach thíos sonraí na sásraí achomhairc.

## 4.6 Athbhreithniú Inmheánach

Féadfaidh duine athbhreithniú inmheánach a lorg sna cásanna seo a leanas:

- má tá sé/sí míshásta leis an gcéad fhreagra a fuarthas i.e. eolas a dhiúltiú, cineál rochtana, cúisimh, etc.; nó

- mura bhfaightear freagra laistigh de 4 seachtaine ó dháta an chéad iarratais. Meastar gur diúltiú é seo ar d'iarratas agus ceadaíonn sé duit dul ar aghaidh chuig athbhreithniú inmheánach.

Oifigeach a oibríonn ag grád níos sinsearaí ná an oifigeach a rinne an chéad chinneadh a dhéanafaidh an t-athbhreithniú inmheánach. Ba cheart iarratais ar athbhreithnithe inmheánacha a chur faoi bhráid:

| Teagmhálaí | Sonraí Teagmhála |
|---|---|
| An tAonad um Shaoráil Faisnéise<br>Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí,<br>Bóthar na hOtharlainne<br>Baile Átha Cliath 7 | Teil: +353 (0)1 858 8500<br>Ríomhphost: foi@dppireland.ie |

Ní mór iarratas mar seo ar athbhreithniú inmheánach a dhéanamh laistigh de 4 seachtaine ó dháta an chéad chinnidh. Ní mór don Oifig an t-athbhreithniú a chur i gcrích laistigh de 3 seachtaine. Cuirfear an toradh in iúil duit i scríbhinn. De ghnáth, ní mór athbhreithniú inmheánach a chur i gcrích sular féidir achomharc a dhéanamh ar an gCoimisinéir Faisnéise.

## 4.7 Athbhreithniú an Choimisinéara Faisnéise

Má tá duine éigin fós míshásta i ndiaidh athbhreithnithe inmheánach a bheith curtha i gcrích, is feidir athbhreithniú neamhspleách ar an gcinneadh sin a lorg ón gCoimisinéir Faisnéise. Chomh maith leis sin, mura bhfuil freagra faighte ar an iarratas ar athbhreithniú inmheánach laistigh de 3 seachtaine, meastar gur diúltiú é sin ar d'iarratas agus is féidir achomharc a dhéanamh ar an gCoimisinéir maidir leis an ábhar.

Féadfaidh achomhairc a dhéanamh i scríbhinn go díreach chuig an gCoimisinéir Faisnéise ag an seoladh seo a leanas:

| Teagmhálaí | Sonraí Teagmhála: |
|---|---|
| Oifig an Choimisinéara Faisnéise<br>18 Sráid Líosain Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 2 | Teil: +353 (0)1 639 5689<br>Ríomhphost: info@oic.ie<br>Suíomh Gréasáin www.oic.gov.ie |

## 4.8 Táillí

**Táillí ar Iarratais**

Ní bhaineann costas ar bith le hiarratas a chur isteach. Maidir le hiarratais neamhphearsanta, is féidir táillí eile a chur chun feidhme as an am a chaitear ag aimsiú na dtaifead agus as costas ar bith macasamhlaithe a thabhainn an Oifig chun an t-ábhar a iarrtar a sholáthar (costais chuardaigh, costais aisghabhála agus costais chóipeála). I gcás go mbíonn an costas iomlán maidir le cuardach, aisghabháil agus cóipeáil níos lú ná €101, ní bhaineann táille ar bith. I gcás go mbíonn an costas iomlán maidir le cuardach, aisghabháil agus cóipeáil níos mó ná €500 ach níos lú ná €700, baineann táille uasta €500. I gcás go mbíonn an costas iomlán maidir le cuardach, aisghabháil agus cóipeáil níos mó ná €700, d'fhéadfadh an comhlacht diúltiú a thabhairt maidir leis an iarratas a phróiseáil. Cuirfear in iúl duit i

scríbhinn sonraí na dtáillí iarbhír a bhaineann le d'iarratas. Féadfaidh éarlais a bheith iníoctha i gcás gur dócha go mbeidh an táille breise iomlán níos mó ná €50. Leagtar amach thíos liosta de na táillí iomchuí.

- Ní bhaineann costas ar bith le hiarratas a chur isteach
- Cuardach agus Aisghabháil - €20 san uair (le haghaidh iarratais atá níos mó ná an €100 íosmhéid ó thaobh cuardaighaisghabhála agus cóipeála), faoi réir ag na huasteorainneacha sin a luaitear thuas.
- €0.04 an bhileog le haghaidh fótachóipeála;
- Táille athbhreithnithe inmheánach €30 (€10 i gcás sealbhóirí cárta leighis)
- Achomharc chun an gCoimisinéir Faisnéise €50 (€15 fi gcás sealbhóirí cárta leighis)

**NÓTAÍ:**

Ní bhaineann táille ar bith mura bhfuil sna taifid i gceist ach faisnéis phearsanta a bhaineann leis an iarratasóir, ach amháin má tá líon suntasach taifead ann.

Má tá táille iarratais laghdaithe á héileamh agat, ní mór uimhir chláraithe do Chárta Leighis, ainm an Bhoird Sláinte arna eisiúint, chomh maith le do thoiliú gur féidir na sonraí seo a dheimhniú leis an mBord Sláilte sin.

## 4.9 Beartas Rúndachta

Ba cheart a mheabhrú nach dtagann faoi raon feidhme an Achta um Shaoráil Faisnéise ach na taifid a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige agus sa chomhthéacs sin, geallann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí faisnéis ar bith a thugann daoine aonair nó eile di nach mbaineann le riarachán ginearálta na hOifige a choinneáil ar bhonn rúnda.

Daoine aonair nó comhlachtaí a thugann faisnéis don Oifig a mbaineann le riarachán ginearálta oifige agus nach dteastaíonn uathu go nochtfar an fhaisnéis sin de bharr a híogaireachta, ní mór dóibh é sin a dhéanamh soiléir agus na cúiseanna a bhaineann le híogaireacht na faisnéise a shonrú. Rachaidh lucht na hOifige i dteagmhail le duine nó le comhlacht ar bith a thugann faisnéis mar sin don Oifig suna ndéanfar cinneadh maidir le iarratas ar bith ar Shaoráil Faisnéise a fhaightear.

Má tharlaíonn sé nach n-aithnítear mar fhaisnéis rúnda faisnéis ar bith a tugadh don Oifig maidir le riarachán ginearálta oifige agus í gan cúiseanna tacaíochta leí, is dócha go scaoilfear í mar fhreagra ar iarratas ar Shaoráil Faisnéise. Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin, áfach, gur féidir leis an Oifig cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh comhairliúcháin, faisnéis arna tabhairt ag duine aonair nó comhlacht agus marcálta mar fhaisnéis rúnda a scaoileadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

# CUID 5: Eolas maidir le Rialacha, Cleachtais & Nósanna Imeachta a bhaineann le Cinnteoireacht na hOifige

## 5.1 Ceanglais Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014

Cuirann Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 de cheangal ar chomhlachtaí Saorála Faisnéise an méid is mó faisnéise agus is féidir a ullmhú agus a fhoilsiú go rialta ar bhonn oscailte agus inrochtana lasmuigh de Shaoráil Faisnéise, ag féachaint do phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta mar a leagtar amach iad in Ailt 8(5) agus 11(3) den Achta. Ceadaítear leis sin foilsiú nó tabhairt taifid lasmuigh den Acht um Shaoráil Faisnéise, ar choinníoll nach bhfuil a leithéid de fhoilsiú nó de thabhairt rochtana toirmiscthe le dlí. Faoin scéim, tá sé de dhualgas ar chomhlachtaí Saorála Faisnéise faisnéis a chur ar fáil mar chuid dá ngnáthghníomhaíochtaí gnó de réir na scéime seo.

Is é an aidhm atá leis seo go mbeadh ar fáil go poiblí na rialacha, na nósanna imeachta agus na cleachtais faoina ndéanann comhlacht poiblí cinntí ar féidir dul i bhfeidhn ar dhaoine den phobal ionas gur féidir le gach saoránach breith eolach a dhéanamh maidir le cé acu ar thugadh a dteidlíochtaí iomlána dóibh nó nár tugadh.

De bharr an tsriain a leagtar amach in Alt 42(f) den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, ní bhaineann foilsiú na rialacha, na nósanna imeachta agus na gcleachtas mar a leagtar amach thuas iad ach leis na taifid a bhaineann le riarachán ginearálta Oifige an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Ní riarann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí achtachán ná scéim ar bith a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige ach amhain iad siúd a bhaineann leis an Earnáil Phoiblí go ginearálta.

## 5.2 Achtacháin nó Scéimeanna a bhaineann leis an Earnáil Poiblí

San áireamh anseo tá ábhair a bhaineann le pá agus coinníollacha seirbhíse, na rialacha agus na cleachtais a bhaineann le bainistíochta acmhainní daonna, agus na coinbhinsiúin agus na nósanna imeachta a bhaineann le bainistíocht airgeadais na hEarnála Poiblí. Sampla é seo a leanas den ábhar ar a ndéantar tagairt:

- Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse
- Luach Saothair
- Cód Pearsanra
- Sceimeanna Aoisliúntais
- Rialacha, nósanna imeachta, cleachtais agus treoirlínte maidir le fáil ar bith a bhaineann le TF, teileachumarsáid agus trealamh oifige san áireamh.
- Comhairle agus treoir maidir le straitéisí agus caighdeáin theicniúla TF.
- Oiliúint
- Nósanna imeachta airgeadais poiblí

## CUID 6: Sonraí Teagmhála na hOifige Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

### 6.1 Saoráil Faisnéise

**Is féidir iarratais nó ceisteanna Saorála Faisnéise a chur ar na daoine seo a leanas:**

| Teagmhálaí | Sonraí Teagmhála: |
|---|---|
| An tAonad um Shaoráil Faisnéise<br>Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí,<br>Bóthar na hOtharlainne<br>Baile Átha Cliath 7 | Teil: +353 (0)1 858 8500<br>Ríomhphost: foi@dppireland.ie |

### 6.2 Ceisteanna ón bPreas

**Is féidir leis na meáin ceisteanna a chur ar na daoine seo a leanas:**

| Teagmhálaí | Sonraí Teagmhála: |
|---|---|
| Oifigeach Idirchaidrimh um na Meáin<br>Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí,<br>Bóthar na hOtharlainne<br>Baile Átha Cliath 7 | Teil: +353 (0)1 858 8500<br>Ríomhphost: media.liaison@dppireland.ie |

### 6.3 Faisnéis Ghinearálta

Leagtar amach faisnéis ghinearálta maidir le hobair rannán/aonaid éagsúla na hOifige i bhfoilseacháin ar nós Tuarascálacha Bliantúla, Ráitis Straitéise agus Treoirlínte d'Ionchuisitheoirí. Tá na foilseacháin sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin na hOifige.

| Tá teacht ar leabhráin eolais eile ar shuíomh Gréasáin na hOigige maidir le Ról an Stiúrthóra | Sonraí Teagmhála: |
|---|---|
| Suíomh Gréasáin na hOifige | www.dppireland.ie |

Is é an tAonad Idirchaidrimh Íospartach a dhéileálann le gach ceist ghinearálta ar an teileafón.

| Teagmhálaí | Sonraí Teagmhála: |
|---|---|
| An tAonad Idirchaidrimh Íospartach,<br>Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí,<br>Bóthar na hOtharlainne<br>Baile Átha Cliath 7 | Teil: +353 (0)1 858 8500 |